Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6209/22**

**FIN 159**
**INST 30**
**PE-L 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6017/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasaí Uimh. DEC 04/2022 laistigh de Roinn III – An Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 7 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra Uimh. DEC 04/2022 le haghaidh aistriú leithreasuithe maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (EGF/2021/007 FR/Selecta)[1], i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[2].

2. Is é is cuspóir don aistriú sin suim EUR 4.07 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú ó Airteagal 30 04 02 (*Cúlchiste le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)*) go hAirteagal 16 02 02 (*an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)*), mar a léirítear in 6017/22 é.

[1] 6016/22.
[2] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Feabhra 2022.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 6017/22 iad; agus

- an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

an: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 04/2022 laistigh de Roinn III – An Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Mise le meas).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).